Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15399/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0072(COD)**

**AVIATION 152**
**CONSOM 321**
**CODEC 2065**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | WK 13861/24 REV1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 07615/13 |
| Ábhar: | Cearta aerphaisinéirí<br>– Díospóireacht bheartais |

1. Ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Iompar) an 5 Nollaig 2024, iarrfar ar na hairí díospóireacht bheartais a thionól maidir le cearta aerphaisinéirí. Tá páipéar cúlra agus ceisteanna ullmhaithe ag an Uachtaránacht (san Iarscríbhinn) chun cabhrú le struchtúr a chur ar an bplé.

2. Faoi réir a dhearbhaithe ag Coiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar na hairí díospóireacht bheartais a thionól ar bhonn an pháipéir cúlra agus na gceisteanna san Iarscríbhinn.

# CEARTA AERPHAISINÉIRÍ – PÁIPÉAR CÚLRA

## 1. Réamhrá

Sonraítear cearta aerphaisinéirí i bpíosaí éagsúla de reachtaíocht an Aontais. Anuas air sin, in 2023, thíolaic an Coimisiún dhá thogra bhreise a mbeidh feidhm acu freisin maidir le haerphaisinéirí. Tá creat dlíthiúil an Aontais maidir le cearta aerphaisinéirí, mar a luaitear san Aguisín, casta, rud a fhágann go bhfuil sé dúshlánach é a léirmhíniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach.

Is minic a d'iarr na cúirteanna náisiúnta ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 maidir le cearta aerphaisinéirí a shoiléiriú. Tugann an Coimisiún forléargas téamach cothrom le dáta go tráthrialta ar bhreithiúnais ábhartha maidir le cearta aerphaisinéirí. I leagan mhí an Mhárta 2022 den achoimre ar na breithiúnais is ábhartha ó CBAE, tá 86 rialú agus d'eisigh CBAE féin bileog ina ndearnadh achoimre ar chuid dá cinntí lena léirmhínítear forálacha éagsúla na rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcuid dá rialuithe, go bhfuil CBAE tar éis imeacht ó rún bunaidh na reachtóirí (i.e. cúiteamh i gcás moill fhada, an léirmhíniú ar imthosca urghnácha).

I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhaineann le léirmhíniú na rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí, d'eisigh an Coimisiún treoirlínte léirmhínitheacha (féach an tAguisín).

I mí an Mhárta 2013, mhol an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 agus ar Rialachán (CE) Uimh. 2027/97[1]. Is iad cuspóirí an togra a áirithiú go gcuirfidh aeriompróirí cosaint ardleibhéil ar fáil d'aerphaisinéirí le linn suaití taistil agus, ag an am céanna, deimhin a dhéanamh den chothromaíocht cheart idir leasanna na bpaisinéirí agus an tionscal. Chuige sin, mhol an Coimisiún réimsí éiginnte a shoiléiriú agus aon lúb ar lár a chur ina cheart, láimhseáil gearán a shimpliú, beartais forfheidhmiúcháin a chomhordú ar bhealach níos fearr agus costas airgeadais réalaíoch a áirithiú d'aerlínte.

Thug Parlaimint na hEorpa a céad léamh chun críche i mí Feabhra 2014.

Sa Chomhairle, rinne Uachtaránachtaí LT, EL agus LV dul chun cinn suntasach sular tháinig stad leis an gcomhad in 2015 mar gheall ar bhreithnithe nach mbaineann leis an gcomhad. Thug Uachtaránacht FI faoin gcomhad arís in 2019 agus bhí Uachtaránacht HR ar an mbealach chuig cur chuige ginearálta a d'fhéadfadh a bheith ann i mí an Mheithimh 2020 nuair a cuireadh bac ar an dul chun cinn mar gheall ar ghéarchéim COVID-19.

## 2. Saincheisteanna a sainaithníodh i gcur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin maidir le cearta aerphaisinéirí

I staidéar a shainordaigh an Coimisiún in 2018 agus a foilsíodh in 2020[2], sainaithníodh na heasnaimh seo a leanas, rud a thacaigh le plé ar thogra 2013 ón gCoimisiún a sheoladh arís:

### a. Ó thaobh na bpaisinéirí de

---

[1] 7615/13

[2] *Study on the current level of protection of air passenger rights in the EU–Publications Office of the EU* [Staidéar maidir leis an leibhéal cosanta a thugtar faoi láthair do chearta aerphaisinéirí san Aontas – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh]

Is deacair Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 a thuiscint agus a léirmhíniú, agus tá an dlí-eolaíocht ghaolmhar tar éis cur lena chastacht. Ar an iomlán, bíonn paisinéirí ag súil le córas simplí a chinntíonn torthaí cothroma. Ina ionad sin, bíonn orthu déileáil le córas casta a bhfuil trédhearcacht theoranta ag baint leis. Anuas air sin, fágann bearnaí sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, easpa spriocdhátaí le haghaidh cúitimh mar shampla, go bhfuil sé deacair do phaisinéirí a gcearta a dhearbhú.

Tá an Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí ag teacht lena bhfuil i bpíosaí eile de reachtaíocht an Aontais (an Treoir maidir le taisteal láneagraithe mar shampla). Anuas air sin, leis an idirghníomhaíocht idir an córas sásaimh atá tiomnaithe do chearta aerphaisinéirí (éilimh tosaigh ar chúiteamh ó aerlínte, ansin gearáin chuig comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta nuair nach dtugtar aghaidh ar an éileamh tosaigh mar shampla) agus na huirlisí forfheidhmiúcháin príobháideacha atá ar fáil ar bhonn níos leithne (sásraí um réiteach malartach díospóidí, cúirteanna), mar aon le rannpháirtíocht gníomhaireachtaí éilimh[3], cruthaítear castacht bhreise agus d'fhéadfadh moill agus costais bhreise a bheith mar thoradh air. Chuir comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta agus ionadaithe na bpáirtithe leasmhara chun suntais gur cúis achrainn iad cuid de na cleachtais a bhíonn in úsáid ag na gníomhaireachtaí éilimh.

Ina theannta sin, ní mór feabhas a chur ar chearta paisinéirí faoi mhíchumas. Tá cúiteamh as trealamh soghluaisteachta a ndearnadh damáiste dó nó a cailleadh á rialú faoi láthair ag Coinbhinsiún Montréal agus ag Rialachán (CE) Uimh. 889/2002. Is minic a chuireann uasteorainn reatha an uasmhéid cúitimh (thart ar EUR 1400 faoi láthair) cosc ar phaisinéirí faoi mhíchumas cúiteamh iomlán a fháil ó aerlíne má chailltear nó má dhéantar damáiste dá dtrealamh soghluaisteachta costasach saincheaptha go minic. I gcás modhanna eile iompair (iarnród, bus agus iompar d'uisce), tá siad i dteideal cúiteamh iomlán a fháil cheana féin. Áirítear i dtogra 2013 leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 2027/97, lena n-áirítear a theideal modhnaithe.

**b. Ó thaobh na rialtóirí agus na bhforfheidhmitheoirí de**

Tá difríochtaí suntasacha ann ó Bhallstát go Ballstát maidir leis an gcaoi ina láimhseálann comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta le gearáin, chomh maith leis na cumhachtaí forfheidhmiúcháin atá ag na comhlachtaí sin. Mar thoradh ar na difríochtaí cumhachta sin agus toisc go bhféadfadh cinntí agus cumhachtaí smachtbhannaí comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta a bheith ceangailteach nó neamhcheangailteach, bíonn difríochtaí sa chaoi a gcaitear le paisinéirí ó cheann ceann an Aontais agus bíonn saobhadh iomaíochta ann d'aerlínte. Chonacthas méadú suntasach ar líon na ngearán a fuarthas faoi Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 thar na blianta, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar láimhseáil gearán agus / nó easpa forfheidhmithe, ar bhonn córasach, ag comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta.

D'fhéadfadh deacrachtaí maidir le forfheidhmiú a bheith mar thoradh ar fhoclaíocht lena gceadaítear measúnú cás ar chás (e.g. athrúdú ar 'coinníollacha iompair inchomparáide' a 'luaithe is féidir') lena gcruthaítear léirmhínithe éagsúla ar a bhfuil i gceist le sárú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004. Cúis bhreise leis na difríochtaí sa chaoi a gcaitear le paisinéirí ó cheann ceann an Aontais agus leis an saobhadh iomaíochta d'aerlínte is ea nach bhfuil sainmhíniú ann ar imthosca urghnácha agus go bhfuil difríochtaí ann sa bhealach ina ndéanann comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta na himthosca sin a mheasúnú. Ina theannta sin, tá sé fós deacair do chomhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta measúnú *ex post* a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den Rialachán (an ceanglas iarraidh ar dhaoine glacadh go deonach le diúltú dóibh bordáil mar shampla).

Le Rialachán nua an Aontais maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, a tháinig i bhfeidhm in 2020 tar éis don staidéar a bheith déanta, ba cheart a thabhairt faoi deara go dtugtar cumhachtaí forfheidhmiúcháin níos láidre d'údaráis cosanta tomhaltóirí.

---

[3] Gnólacht a chuireann seirbhísí bainistíochta éileamh ar chúiteamh faoi Rialachán (CE) Uimh. 261/2004.

### c. Ó thaobh an tionscail de

Tá fás suntasach tagtha ar chostais arna dtabhú ag aerlínte faoi Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 agus, i gcás iompróirí ísealchostais, is airde iad ná an costas a bhaineann le gníomhaíochtaí margaíochta agus dáileacháin i mbonn costais aerlínte. Tá an costas in aghaidh an phaisinéara a ndéanann suaitheadh taistil difear dó chomh hard sin go bhféadfadh sé dídhreasachtaí a chruthú d'aerlínte eitiltí a mbíonn moill mhór orthu a oibriú agus costais oibriúcháin a thabhú sa bhreis ar na costais suaití taistil.
Thairis sin, níl an ceart chun sásaimh a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 éifeachtach agus is iomaí cás nach bhfuil aerlínte in ann na costais a aisghabháil arna dtabhú chun cúnamh agus cúiteamh a sholáthar do phaisinéirí as suaití taistil arb iad tríú páirtithe is cúis leo (mar atá soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, láimhseálaithe bagáiste ar an talamh, aerfoirt agus páirtithe eile). I gcás inar féidir, déanann aerlínte iarracht na méaduithe costais a chur ar aghaidh chuig custaiméirí trí tháillí eitilte a mhéadú. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh ar chúiseanna iomaíocha, bíonn tionchar ag na costais sin ar bhrabúsacht agus d'fhéadfadh laghdú níos fadtéarmaí ar nascacht a bheith mar thoradh orthu.
Tá bearnaí áirithe idir creat reachtach an Aontais agus croíphrionsabail na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (maidir le paisinéirí a choinneáil ar an eolas le linn a dturais mar shampla). I dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad, d'fhéadfadh an cur chuige maidir le cearta aerphaisinéirí a bheith rialálach nó deonach. Go hiondúil, aithníonn córais rialála agus dheonacha oibleagáid maidir le hathródú / aisíocaíocht. Sa chás sin, cruthaítear saobhadh iomaíochta agus difríochtaí sa chaoi a gcaitear le paisinéirí ag brath ar an aerbhealach agus ar an aeriompróir.

## 3. Tuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí

### a. *Special Report of the Court of Auditors: EU passenger rights are comprehensive, but passengers still need to fight for them* [Tuarascáil Speisialta na Cúirte Iniúchóirí: is cearta cuimsitheacha iad cearta paisinéirí an Aontais, ach is gá do phaisinéirí troid ar a son fós] (30/2018)

Leag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa béim ar fhadhbanna a bhain le cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú chomh maith le heaspa feasachta paisinéirí: tacaíonn roinnt moltaí ón gCúirt (moltaí maidir le héifeachtacht an chreata um chearta paisinéirí a fheabhsú agus tuilleadh cumhachta a thabhairt do chomhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta mar shampla) le bearta a mhol an Coimisiún i dtogra 2013 nó ar tugadh aghaidh orthu i dtograí 2023 atá ceaptha cur le cearta aerphaisinéirí agus iad a shoiléiriú.

### b. *Special Report of the Court of Auditors on the Air passenger rights during the COVID-19 pandemic* [Tuarascáil Speisialta ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cearta aerphaisinéirí le linn phaindéim COVID-19] (15/2021)

Is measa anois na saincheisteanna a sainaithníodh i staidéar 2018 agus tháinig saincheisteanna nua chun cinn le linn phaindéim COVID-19.
Tugtar le fios sa tuarascáil speisialta gur léir nár cuireadh aerphaisinéirí ar an eolas go hiomlán faoina gcearta le linn na paindéime.
De réir na tuarascála speisialta, léirigh an phaindéim freisin go raibh cumas na mBallstát teoranta ó thaobh cearta aerphaisinéirí a fhorfheidhmiú, nár aisíocadh go leor paisinéirí sa chéad chéim den ghéarchéim agus nach raibh an dara rogha ag go leor paisinéirí eile ach glacadh le dearbháin. Ar an iomlán, lean cumas na bpaisinéirí aisíocaíocht a fháil de bheith teoranta nuair a bhí idirghabhálaithe (gníomhaireachtaí taistil mar shampla) i gceist, agus nuair a cuireadh iallach ar phaisinéirí glacadh le dearbháin.

De réir na tuarascála speisialta, cuid thábhachtach den fhadhb is ea nach leagtar síos ceanglais tuairiscithe maidir le líon na bpaisinéirí a éilíonn a gcuid airgid ar ais, mar shampla, agus maidir le

líon na gcásanna gan réiteach laistigh de na spriocdhátaí dlíthiúla ó cheann ceann an Aontais chun cearta aerphaisinéirí a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin, tacaíonn an tuarascáil seo le bearta a mhol an Coimisiún i dtogra 2013 nó ar tugadh aghaidh orthu i dtograí 2023.

Ar bhonn níos ginearálta, de bharr phaindéim COVID-19 ardaíodh an cheist i measc rialtóirí ar cheart córas dliteanais sonrach a ghlacadh le haghaidh tréimhsí géarchéime ós rud é nach ndírítear leis na rialacháin maidir le cearta aerphaisinéirí ach ar eitiltí aonair a chuirtear ar ceal ach ní ar chealú fadtéarmach na n-eitiltí go léir nó formhór na n-eitiltí.

## 4. Ceisteanna ar thoscaireachtaí

Deis luachmhar é an dul chun cinn sa chaibidlíocht maidir le tograí 2023 ón gCoimisiún i ndáil leis na rialacháin maidir le cearta paisinéirí chun feabhas a chur ar na rialacha atá ann faoi láthair maidir le cearta aerphaisinéirí agus iad a thabhairt cothrom le dáta. D'fhonn tacú leis an bpróiseas sin agus i bhfianaise na gceisteanna agus na saincheisteanna atá fós gan réiteach a ndéantar cur síos orthu thuas, tá an Uachtaránacht ag súil le treoir pholaitiúil a fháil ó na hairí maidir leis na ceisteanna seo a leanas le linn chruinniú na Comhairle Iompair an 5 Nollaig.

1. An aontaíonn tú nach mór an creat dlíthiúil maidir le cearta aerphaisinéirí a shimpliú chun cosaint aonfhoirmeach aerphaisinéirí a áirithiú trí reachtaíocht gan débhrí?

2. Cad iad na saincheisteanna is tábhachtaí sna rialacha maidir le cearta aerphaisinéirí ar ghá aghaidh a thabhairt orthu?

**AGUISÍN**

# CREAT DLÍTHIÚIL MAIDIR LE CEARTA AERPHAISINÉIRÍ

## 1. Rialacháin agus Treoracha is infheidhme maidir le cearta aerphaisinéirí

- Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás go ndiúltaítear bordáil dóibh agus go gcealaítear eitiltí nó go gcuirtear moill fhada orthu[4]
- Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróra i gcás tionóiscí[5]
- Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer[6]
- Treoir (AE) 2015/2302 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara[7]
- Treoir 2013/11/AE maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí[8]
- Rialachán (AE) 2017/2394 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú[9]

## 2. An t-athbhreithniú ar an gcreat um chearta paisinéirí a mhol an Coimisiún

I bPáipéar Bán 2011 ón gCoimisiún[10], leagadh síos na cuspóirí chun 'prionsabail choiteanna is infheidhme maidir le cearta paisinéirí i ngach modh iompair (an Chairt um Chearta Bunúsacha) a chur le chéile, go háirithe an "ceart chun bheith ar an eolas", agus na cearta atá ann cheana a shoiléiriú a thuilleadh; agus, ag tráth níos déanaí, marana a dhéanamh ar chreatrialachán aonair de chuid an Aontais a ghlacadh lena gcumhdófaí cearta paisinéirí do gach modh iompair (Codex de chuid an Aontais)' [aistriúchán neamhoifigiúil].

---

4 Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás go ndiúltaítear bordáil dóibh agus go gcealaítear eitiltí nó go gcuirtear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91, IO L 46, 17.2.2004, lch. 1.

5 Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1997 maidir le dliteanas aeriompróra i gcás tionóiscí, IO L 285, 17.10.1997, lch. 1.

6 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer, IO L 204, 26.7.2006, lch. 1.

7 Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle, IO L 326, 11.12.2015, lch. 1.

8 Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (an Treoir maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí), IO L 165, 18.6.2013, lch. 63.

9 Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 345, 27.12.2017, lch. 1.

10 Treochlár um Limistéir Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní.

I dtogra 2013 ón gCoimisiún, soiléirítear príomhphrionsabail mar atá an ceart chun cúitimh i gcás moilleanna fada, an ceart chun cúitimh i gcás nasceitiltí a chailltear, an ceart chun cóiríochta in imthosca urghnácha, liosta ceangailteach neamh-uileghabhálach d'imthosca urghnácha, toirmeasc páirteach ar bheartas gan taispeáint maidir le ticéid fillte, pleanáil theagmhasach d'aerfoirt ina mbíonn níos mó ná 3 mhilliún paisinéir, beart chun cúiteamh iomlán a ráthú do dhaoine faoi mhíchumas i gcás ina gcaillfear a dtrealamh soghluaisteachta nó ina ndéanfar damáiste dó. Anuas air sin, féachann sé lena áirithiú go gcuirfidh na comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta smachtbhannaí comhsheasmhacha i bhfeidhm trí éilimh agus gearáin aonair ó aeriompróirí a chomhordú agus a láimhseáil go héifeachtach. Tugtar isteach leis an deis do phaisinéirí dul i muinín réiteach díospóide lasmuigh den Chúirt agus is é is aidhm dó cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr i gcás bagáiste nach láimhseáiltear mar is ceart.

Ina Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste 2020[11], shainaithin an Coimisiún a riachtanaí ata sé 'a chreat dlíthiúil a athrú ó bhonn chun tacú le faisnéis taistil ilmhódach, seirbhísí áirithinte agus ticéadaithe agus, ag an am céanna, féachaint ar chearta agus oibleagáidí idirghabhálaithe ar líne agus soláthraithe seirbhísí digiteacha ilmhódacha a dhíolann seirbhísí ticéadaithe agus / nó soghluaisteachta' [aistriúchán neamhoifigiúil].

I gcomhréir leis na cuspóirí sin, ghlac an Coimisiún dhá thogra an 29 Samhain 2023:

- Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas[12]
- Togra le haghaidh Rialachán maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach[13]

Comhlánaíonn na tograí sin togra 2013 ón gCoimisiún maidir leis na réimsí achrannacha seo a leanas:

- Aerphaisinéirí a dhéanann áirithint trí dhíoltóir ticéad idirghabhálaí a aisíoc. Is é an cuspóir atá ann nós imeachta aisíocaíochta soiléir a áirithiú do na gníomhaithe uile lena mbaineann (iompróirí, idirghabhálaithe agus paisinéirí mar shampla).
- Cearta paisinéirí i ngach modh iompair nach bhforfheidhmítear go leordhóthanach. Is é an cuspóir atá ann forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú ó Bhallstát go Ballstát, agus deis a thabhairt do chomhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta uirlisí níos éifeachtaí a bheith acu chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht oibreoirí le cearta paisinéirí agus láimhseáil gearán níos éifeachtaí a áirithiú do phaisinéirí, agus córas tapa, simplí agus inrochtana á sholáthar dóibh.
- Cearta paisinéirí le haghaidh turais ilmhódacha.

## 3. Fógrai ón gCoimisiún

- Treoirlínte léirmhínitheacha an 25 Meán Fómhair 2024 maidir le Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás go ndiúltaítear bordáil dóibh agus go gcealaítear eitiltí nó go gcuirtear moill fhada orthu, agus maidir le Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróra i gcás tionóisc

[11] *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future.* [An Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – Iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí].

[12] 16284/23

[13] 16307/23

- Treoirlínte léirmhínitheacha an 18 Márta 2020 i dtaca le rialacháin an Aontais maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs a raibh ag titim amach de dheasca COVID-19
- Treoirlínte léirmhínitheacha an 4 Deireadh Fómhair 2024 i dtaca le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer
- Fógra faisnéise d'aerphaisinéirí an 9 Márta 2017 maidir le dlí ábhartha an Aontais um chosaint tomhaltóirí, margaíocht agus cosaint sonraí is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí gníomhaireachtaí éilimh.